

Máire Ní Dhomhnaill,  
Bean Thomáis Mhac Con Iomaire  
Caladh an Chnuic  
30/10/35

## MARCUS MÓR MAC THUATHALÁIN

I Muighinis a rugadh agus a tógadh é. San áit a bhfuil muintir Laidhe i Muighinis a bhí sé ina chomhnaidhe. Saor báid a bhí ann agus bhí beirt dreathár aige ina saoir báid. Bhí sé féin agus Tadhg na Buile nó Ceithearnach eicint i n-áthrach a chéile agus d'athruigh sé go Leitir Mealláin. Rinne an triúr dreathár sliúp agus chuadar go Geansa ag iarraidh lucht tobac. Bhíodar ag imtheacht mar sin go rabhadar cúig uair i dtír i gCuan Chalaidh Ghúlaim nuair a tháinig soitheach

an Ríogh is thóigeadar í. Thóigeadar an soitheach 's an caiptín, gur fhíneáladar an caiptín £100. Thugadar an sliúp agus an tobac leob. Marcus a bhí ina chaipitín agus rith an bheirt dreathár ar siubhal. Níor tháinigeadar ar ais go Leitir Méalláin ariamh. Chuir fear aca faoi i gCois Fhairrge, san Lochán Beag. Bhí aithne agam ar Mháirtín Thomáis Bhartailiméid, duine aca a bhí sa Lochán Beag. Chuala mé mo sheanmháthair á rádh; seanathair mo mháthar Marcus Mór, beannacht Dé le n'anam.

Mícheál Bairéad, m'oncal, cailleadh é ag Oileán Dá Bhruithneog. Ní dheachaidh sé go Geansa ariamh. Seanathair dó Marcus Mór; bhíodh sé a' tarraingt sleanntracha as Malbay go Gaillimh. Marcus Bairéad m'oncal, agus dreatháir dó Seán Ó Domhnaill a thug na sleanntracha go Ceann Léime. Nuair a bhí an Teach Soluis dhá dhéanamh as Malbay a thugadar iad ina bhád.

## SÍOGAIDHE Ó FLAITHEARTA

Bhí caisleán aige i Leitir Mealláin ó dheas de Chuigéal Mór. Bhíodh sé amuigh san oidhche ag goid, ag gadaidheacht agus ag fuadach. Bhíodh sé sa lá annsin sa sgailp.

Bhuail sé stócach lá agus thug sé a raibh aige leis.

“Más beo marbh mé bainfidh mé sásamh dhíot” adeir an stócach. Cailleadh an stócach.

Bhí comhlúadar an tSíogaidhe i néinfheacht le chéile i nGleann an Uisge san am a dtáinig an feithideach os a gcionn agus bhí sé a’ déanamh díthcheannadh orthab. Tais an stócaigh a bhí ann.

Bhí na Flaithearta a'caitheamh leis ach ní raibh aon mhaith ann mar bhí sé cailte, gur chuireadar píosa dhá sgilling (airgead crois) isteach sa ngunna agus chuireadar anuas é. San áit a thuit sé níor fhás féar ariamh.

Dubhairt duine acab a ghul agus na bróga a bhaint díobh agus é a thomhas ina stocaí. Thomhaiseadar é agus chuireadar iallach ar an Síogaidhe a ghul agus é a thomhas nuair a bhí sé tomhaiste aca féin. Nuair a bhí an Síogaidhe

dhá thomhas chuir an corpán an tsleagh trí n-a dhruim agus mharbhuigh sé é. Bhí deireadh leis an Síogaidhe annsin. D'imthigh an chuid eile dá bhunadh go Condae an Chláir.

Ceithearnaigh a tugtaoi ar ar na Flaitheartaigh mar bhí siad ag creachadh an phobail.

Bhí cuid de bhunadh an tSíogaidhe sa Tráigh Bháin agus fear eile a bhain leis Proinsias Ó Flaithearta a bhí ar an bPáirc.

## MÁIRE NÍ DHÓMHNAILL FÉIN

Rugadh is tóigeadh mé in Inis Bearchan. Le pobal an Chillín an t-oileánsan am úd.

Is minic a chonnaic mise Leitir Mealláin Dómhnach nó trí Dhomhnach gan aon tsagart go Leitir Mór bhíodh muid a gul chuig an Aifreann.

Ag iasgach is mó a bhíodh daoine, a rith móna agus feamainne go Condae an Chláir. B'fhearr na mná ag obair ná na fir.

Bhí na mná in don snáth lín a shníomhagus é a dhathú. Tóigeann snáth lín an dath gorm.

Bhí na figheadóirí in don tic a dhéanamh ach na mná dá shníomh agus dá dhathú.

Domhnall Mallóid an chéad mháighistir sgoile a chonnaic mé in Inis Bearchán. Ní raibh sgoil ar bith ann nuair a bhí mise óg. Ach bhí fear a teacht ann agus ag imtheacht ó theach go teach. Chaithfeadh sé seachtain isteach.

## LEAC SHLIÚP AN RÍOGH

San mbealach idir an Ros agus Oileán a'Rosa ó dheas de Leitir Caladh, is ann a tháinig an Sliúp agus lucht aice ó Gheansa. Chuaidh sí i bhfolach annsin agus cuireadh an lucht ar a taobh agus ceangluigheadh an crann anuas ar an aill. Bhí cutter an Ríogh a' rith uirthé agus agus fuair an cutter fear ó Chnoc Chathail Óig le píolóiteacht a dhéanamh.

“Breannuigh amach do Chocalóid 's tá Léim Thomáis taobh thuas di. Tá áit mhaith ancaire thiar ag Leabaidh Bhearchan.

Ní píolóitidhe mé ach treaisileach figheadóra as Croc Chathail Óig ag gearradh na slat ag an bhfear a chuir ann mé.”

Nuair a tháinig an taoille chuaidh an bád a raibh an lucht uirthé chun seoil agus chuaidh sí amach bealach do-thrácht agus lean an cutter í. Bhuail an cutter an charraig agus d’fhan sí ann. Tá Leac Shliúp an Ríogh ariamh ó shoin air.

## P. MAC CON IOMAIRÉ

Sgréach caol ag an mbreacóg mar bheadh fead.

Sgréach mharbh ag an éan aille.

An Bóthar go Clochán

Bhí an sean-bhóthar ar an taobh ó dheas de Shrath Salach, de na lochanna, trí Aitre agus amach ar an taobh ó dheas de Bhaile na hInse.

Anshógh bidh ortha

Anshógh éadaigh

Dul ar a tuairisg

Cé mb'as é.

Chomh láidir le bun daraighe i gcoill.

Níl an bóthar intsiubhalta

Níl an abhainn intseolta

Tá siad dá mbaisteadh as an ngabha

An tír Mhuighneach

Lá Swítín

Oidhche dhubh ré dhorcha

Tá mé a' cheapadh nach bhfuil sgéal ar bith níos fírinne ná é.

P. Mac Con Iomaire

P. Mac Con Iomaire

Níor chuir sé aon chaidéis orainn

Séard thú óinseach

Glíomáil

Leanbaidhe

An bharamhail a bhí aige dúinn

Le crónachan na hoidhche

Teine mhaith ghreannta

An-tsubháilceach

Bheannuigheadar dó an-tsubháilceach

Sé an sgéal é tháinig tháinig sé isteach as béal a chéile

Bhí sin aige chúig phunt

Talamh tíre                      mainland

Ceann le fána

Duine ar bith a cheapadh sé a bheadh lag

Bhuail sé méar a choise faoi chloich

Bhí an phian gaibhte tríd

Tá mé loitithe

Faoi láthair na huairé                      At the moment

Altracha Bána Bhearna

Gentian Hill Barna

Domhnach Chroim Dhuibh

Sé cothrom an Domhnaigh é ar athruigh Crom dubh ina Chríostaidhe. Domhnach Mám Éan ar an Domhnach seo.

Snag Breac

Tá sé breac agus tá snag aige. Snag – glór

An Gealbhán Buidhe Mór

Éan é a ghníos foghail mór don choirce

Caislín tuime – stonechat

Caislín Cloch

Osgluigheann an bruach sléibhe leis an triomach. Fanann an sgailp osgailte. Ins na sgailpeacha sin is mó a chonnaic mé nead ag an gCaislín Cloch. Sé nó seacht d'uibheacha gorma.

Fiainncíní

Robin-Run-To-The-Hedge

An Broc

Sé an chaoi a bhfuil aghaidh a chuid fionnaidh amach chun a chloiginn. Fionnadh tanaidhe fada chomh fada le fionnadh muice.

Bhí an gadhar sanntach aige.

Dhá ladhar ar na cosa tosaigh. Ní baileach go bhfuil na cosa tosuigh ar aon déanamh.

As Condae an Chláir bunáite a bhfuil in Inis Oirir uiliug

Oidhche na gCleas Oidhche Shamhna

Foghail

An chruithneach dhá fhoghalú a' déanamh na foghlach.

Tháinig sé a chomhnaidhe ann.

Tá gath ag an deargadaol ach níl aon ghath ag an gcíoróg.

Is fada ó na chéile Flaitheas Dé agus Ceann Reamhar.

Tá Ceann Reamhar fiadháin.

## An Rua

Dá mbeadh at ar a láimh nó ar a éadan agus go ndéanfadh sé traogha tobann deirtí go mba rua é sin. Sé an leigheas a bhí air sin ortha an ruaidh. An ortha chur síos i n-uisge trí thórainn agus an t-uisge a thógáil roimh eirghe na gréine. Tá leigheas ins an uisge sin.

Tá leigheas i n-uisge ceardchan, an t-uisge as an umar.

Leigheas a thug an tsidheog

Dileasg na nDásacha agus bairnigh na bhfuiríún

Uisge Ghlais an Fheadha

An té a d'íosfadh trí sháith díobh an lá céadna bheadh sé slán folláin.

Na Dásacha – carraig siar ó Cheann Gólaim

Na Fuiríún – ag Carraig an Mheacain

Glais an Fheadha – ar an gCaiseal.

Dumhaigh-lúr aonfhocal amháin

Muintir Dhumhaigh-isteach  
Dhú-Ghithreach

Nuala Ní Thiobóid i bhFiodhínis

Sinéad Ní Sheachnasa i mBéal an Daingin.

An t-Athair Maoilre – fear d’Fháthartach a thug a chóta dá athair mór, Seán a’Chóta a bhí san Áird.

Séamus Nápla mac Donnchadha a ghearr na rópaí a bhí a’ceangal an Athar Maoilre i siléar Barry. Athair mór Mhicilín Pháidín Shéamuis. Lean an t-ainm “An Sagart” do mhac Shéamuis Nápla agus do chlann mac an mhic. Tá “Paddy an tSagairt” ar Phádraig i Sráid Henry.

An tAthair Maoilre

Nuair a rith an tAthair Maoilre as Carna bhain sé amach Aill na Brón agus fear do Mhuinntir Cuk a thug bád dó a chuir treasna go Inis Caladh é.

Is minic sin Tiobóid ar Sheoigheach.

verso

Clann Phádraic Uí Aoinín

San Aird Thoir tá sgéalta aca.

Tá Pádraic Ó hAoinín é féin go maith. Inghean dreathára do Phádraic Mór Ó Maoilchiaráin  
bean Phádraic Uí Aoinín.

An chéad fhear a chaith cloch i gConamara, fear as Iorruis Mór a bhí ina chomhnaidhe sa Leath-Mhás. As Muirbhigh do Chlann nDonnchadha.

Tá chuile line a dul chun buige.

Thug sé an ghrian leis go dtí an Aird – bhí sé san Aird roimh dul faoi na gréine.

Ní raibh an gírrfhiadh féin chomh luath leis.

Bradán            finger bandage or foot bandage

## Grampard

Ainmhí uafásach an grampard. Tá trí mheall ar a dhruim. B'fhéidír go snámhfadh an bád amach idir dhá mheall aca sin. D'fheicfeá trí bhruth a' briseadh ós a cionn.

## AN MHUC SGABAIRNEACH

Ghníonn an mhuc sgabairneach pléaráca nuair a bhíonn fonn macnais air. Bhí mé oidhche i mbun abhainn i gcéibh Chuan an Dúin. Bhí an bád ar ancaire agus chonnaic mé an mhuc sgabairneach ag gul síos ón uachtar. Thug me faoi deara go raibh an cábla dá thraoghchan agus an bád dá baint chun siubhail. Rug mé ar an gcábla agus bhain mé straca as. Sgaoil an mhuc sgabairneach an uaithe an t-ancaire. Chuaidh sí síos aríst agus rug sí ar an ancaire

agus bhí sí ag tarraingt an bháid léithe. Annsin chaith mé ceann téide ag an bhfear ins an mbád ba ghóire dhom agus dubhairt leis í a dhaingniú ar a bhád féin. Thóg sé cor den téad ar a bhád féin. Ní raibh aon ghluaiseacht ionam féin ní ba mhó.

D'innis mé an sgéal d'fhear eile. D'innis sé sin dom gur thóg muca sgabairneacha dhá thaisgeán gliomach uaidh féin agus a gcuid ancaire míle go leith bealaigh ón áit a rabhadar feistighthe.

Ar na Sgeirdí

Broighill

Cailleacha dubha

Faoileáin mhóra – druim dubh agus faoileán glas agus faoileáin bhána

Éanacha aille – bíonn neadaracha ag éanacha aille ar na frapaí agus ag cailleacha agus ag faoileáin

Giubhróga, ach ní fhaca mé aon neadracha ar na Sgeirdí.

Black Guillemot – d'fheicfeá an coileach ronach san aer ann. Níl sé chomh toirteamhail cruinn ná an t-éan aille.

Roilleacha

Ins na cuanta a bhíonn an fhaocha mhór.

Máirtíneach na hola – san aer timcheall na Sgeirdí

Seabhach cac faoileán

Siúinicíní – sa bhfairrge.

Aircín – cromptán beag. Tá ceann i Muighinis nó dhá cheann. Tá aircín san Aird.

Sáilín – cromptán beag, lochán sáile.

Aice gliomaigh

Aircín Beag agus Aircín Mór – istigh sa tír ag Tuaim Beola.

Cuainín

Asgaill

Fuaigh – an-bheag, ionann is chomh fada leis an Aircín. An bealach gearrtha domhainn.

Na mílte crotach samhraidh ag teacht andeas na laethanta deireannacha d'Aibreán, agus iad tugtha tuirseach agus ag brath air íslíú ar na báid. D'íslíghdís ar na Sgeirdí a leigean a sgíth. Níl ann ach go mbíonn siad beo.

Cuan Ard na Caillighe – is ann atá na róinte.

## Gine buidhe ar na Sgeirdí

Briseadh soithigh ar na Sgeirdí sul dá ndearna tighthe soluis. Fuair fear as an Aird gine buidhe.

## Soitheach Inis Bigil

Long a briseadh ar Inis Bigil 75 bliain ó shoin. Bhí chuile shórt innte---diallaidí, slusaidí, uaireadóirí i mboisgíní, langaí triomuighthe, brioscaí, cement. Cailleadh aon stócach amháin a bhí innte. Bhí chuile shórt éadaigh innte.

Soitheach Oileán a'Chárta

Oileán Máisinn.

Bhí 24 fear innte. Ní tháinig beo ach ceathrar. Séard a bhí innte rum, saltracha adhmuid bhuidhe, agus puinsiúin siúcra.

Bhí an fhairrge dearg le n-a n-oiread don rum leithe chun siubhail.

Fear i Leitir Deiscirt fuair sé bairille rum agus shinceáil sé é go raibh an cuartú thart.

Ní ceal cainnte atá air

Poll an mhiana (igh) mine shaft

Lochanna ó dheas den Choillín

Seosamh Mac Donnchadha

Loch a' Mhuilinn – bric geala agus rua

Loch Tulaigh an Tuigheadh – bric rua mhóra (In aice le Loch a' Mhuilinn)

Loch na gCaor – idir Aird Thiar agus Aird Thoir.

Loch na Faithche san bhFaithche. San bhFaithche a bhí an caisleán ag Tadhg na Buile.

Loch na Séamus (loch mearsháile) – tá dhá loch ann agus corcal eatartha. Bric fairrge – lanacha agus leitheada. I lár na hAirde Thiar atá an loch seo.

Corcal – talamh bog agus uisge faoi. Fideoga agus giolcaigh a’ fás ann.

Loch na Dubhthaighe – loch bheag a mbíodh dubhach dá thógáil ann le haghaidh dathú.

Loch a’ Phúca – idir an Aird Thiar agus an Más.

Loch Bhun a' Cluife – idir an Más agus Dumhaighithir.

Loch Salach.

An Sidheán Corr. Aill ar an taobh thoir de. Ar an taobh thoir ndéas tá áit a dtugtar Banrach na Sgeithighe air.

Lochanna ar an gCnoc Buidhe

Lochanna ar an gCnoc Buidhe ó bhóthar an Choillín

Loch na Tulcha Buidhe

Loch an Éin Oileáin

Loch Buaile

Loch na nÉan

Loch an Duine

Loch na hEircine (Black Lake). Tá sruthán a' gul amach uaithe a dtugtar an Átha Dhubh ar chuid de.

verso

## DOIGH BUILG

Níl sé ionchurtha in am ar bith (not fit to print)

Ag baint iúr as bréidín

Chuala mé bean ghá rádh go raibh neart airgid aca

Ná caitear ar íseal ná ar uasal í

Tá cáil an bháid gaibhte a bhfad

Díocas seoltóireachta air

Ag ardú orainn - gaining

## SRUTHÁN LOCH NA HÉIRCINE

Loch an Duine

Marbhuigheadh ceannuidhe fadó agus caitheadh amach sa loch é. Sin é an fáth a bhfuil Loch an Duine ar an loch.

Sruthlán – sruth beag.

I Muigh-iorris Loch na Sginnín. Sruthlán a’ teacht amach ag Sruthán Sianach.

Loch Tanaidhe.

Garrdha na hEilimiste san Aird Thiar.

Carraig na hEilimiste i Ruisín a’ Bholgáin.

Seosamh Mac Donnchadha. D. Fogmhair 1935

## LEIGHEAS DON TRIUCH

Anthra gráinneoige i mbainne

Fuighleach bainne a fhágann an firéad (beithidheach beannuighthe)

Leigheas do galra cluas

Braon ar éadtromán gírrfhiadh a leigean de shileadh sa gcluais.

Leigheas do Ringworm Zeinc

An ceann a chlúdach le craiceann gírrfhiadh.

Airgead Croise – píosa dhá sgilling a chaitheamh i bpoll na bportán agus bheadh mallacht ar do námhaid.

Gabh do lámh go fóilleach      stay your hand  
Tá an áit seo an rithte (an-árd)      exposed to weather  
Glaodhach air      demand  
ar buille aonraic i mbád trom  
Garrdha loirg      Garrdha a raibh faraí ann anuraidh  
Ní raibh aon airgead rathamhail ar uibheacha  
Beagán beochais

## CEOINÍN AR CUAIRT I GCILL BHRIOCÁIN

Nach iomdha duine a dubhairt liom  
Gur orm a bhí an t-ádh  
Nuair a chuaidh mé go Cill Bhriocáin  
Le trosgán Mhrs Maude  
Bhí muid ag ól gloineacha  
Ón gcraigín go dtí an cárt  
Is dheamhan sin a d'fhágfadh  
Dá maireadh aon deor ann.

Is a gul trí Thóin Uí Fhloinn dúinn  
Nach í an fhairrge a bhí ard  
Is a stór cérbh iongnadh é  
Gaoith andeas is taoille trágha.

## MÁIRE NÍ LAIDHE

Máire Ní Dhonnchadha a bhí ar a máthair. Rugadh í san Aird nó i Muighros. Phós sí an Dr Ó Laidhe fear a tháinig ar a theicheadh isteach go hIorras Aithneach. Bhí inghean aca Máire Ní Laidhe. Phós an Máire seo fear de mhuintir Máda i gCill Bhriocáin, agus chaith sí ann go raibh sí ina seanbhean agus is ann a cailleadh í. Bhí sí suas le deich mbliana 's cheithre sgóir nuair a cailleadh í. Tá sí cailte le dhá sgór bliain.

Nuair a bhí sí ar leabaidh an bháis tháinig máthair Sheosaimh Uí Mhongáin ar cuairt aice. Chuir Máire Ní Laidhe iallach uirthi geallamhaint di go gcuirfidís

i Muighros í. “Muna ndéana sibh ach an connra a leagan amach sa taoille tiocfaidh mé féin i dtír I Muighros” adeir sí. Bhí sí a’ ceapadh gur ann a chaithfeadh sí a gul. Caithfidhe í a chur ann. Tugadh ann í freisin. Tá sí curtha i Muighros.

Seosamh Ó Mongáin

4/1/38

## CAPALL A MBEADH SEARRACH INNTE AG TABHAIRT CUIRP CHUN NA CILLE

Bhí capall ag Joe Cúc a bhí i ngar do shearrach. Tháinig an corp i dtír ag céibh Chill Chiaráin a tugadh trasna i mbád as Cill Bhriocáin. Bhíothas a' ag iarraidh láir Joe Cúc a chur fán gcarr leis an gcorp a thabhairt go Muighros. Ní leigfeadh Joe Cúc dóibh an láir a chur fán gcarr. Dubhairt sé go raibh an láir gar do shearrach agus go gcaillfidhe an searrach dá gcuirtí a' tarraingt an chuirp í.

Is beag nár tharraing sé raic, ach níor cuireadh faoin gcarr í. Dubhairt Mártan

Ó Mongáin nach raibh géilleadh aige féin do pisreog ar bith agus a chapall féin a chur fán gcarr cé go raibh sí gar do shearrach chomh maith leis an gcapall eile. Bhí Pádraig Mac Donnchadha (Dick) ag éisteacht. Dubhairt sé go raibh capall aige féin nár chaill searrach ariamh agus í a chur fán gcarr.

Seachtain ina dhiaidh sin bhí Mártan Ó Mongáin agus a bhean ag dul go hUachtar Árd ar a gcarr agus ag tigh Mhaoilre Sheoighe Seanacaola chaill an capall searrach. Adeir an bhean annsin, dá mba í ár gcapall a cuireadh fán gcarr an lá céanna dhéanfadh chuile bheo gur mar gheall ar an gcarr a cailleadh an searrach.

## MÁTHAIR MHCILÍN

Nuair a cailleadh é dubhairt bean go mba bheag an chaill é le hais a mháthar. Nuair a bhí an bhean seo óg bhíodh tinneas cinn i gcomhnaidhe uirthé gur leigheas máthair Mhicilín í. Ní raibh tinneas cinn ariamh ó shoin uirthé.

B'é rí na leigheastóirí Máirtín Réamoinn athair máthair Mhicilín.

Seosamh Ó Mongáin

4/1/38

Laoigh na bó, lon bocht, mac Mhicilín

## FÉILIRE

Lá Nodlag Beag – Lá Caille

Lá cinn an dá lá dhéag

Lá Crosta na Bliana – an tríomhadh lá tar éis lá Nodlaig Mór.

Lá na leanbh an la céadna. (Feast of Holy Innocents)

Diardaoin Dearg na Fola – tig sé uair san seachtmhadh bliain.

Ní maith le daoine aon rud a thoisíú ar Lá na Leanbh ná ar Dhiardaoin Dearg na Fola.

## AN FHAIRRGE

A' tuileadh agus a'trághadh a chaitheas an fhairrge an lá.

Taoille tuile

An t-ionradh            an taoille

Ina dhia-thráigh        low water

(Diadh-thráigh, dí-thráigh)

Tús trágha, ina thús trágha

Leath-tráigh

Lán mara, ina lán mara

Snáithe mara

Íochtar lán – an fhaid a théigheanns an taoille amach.

San íochtar lán a bhíos na luasgáin.

lasg sliogáin                  shellfish

Tuit bháirneach

Bruithneog fataí

Rabharta

Meadh-rabharta              rabharta beag

Mall-mhuir                  neap tide

idir dhá rabhartha

Tráigh rabharta              tráigh mhór

Tráigh cheann gainimh      tráigh a bhíos ann le linn mall-mhuir.

Fíneoga mites

Crubh

Fíneog mealworm - Dinneen

## COILLÍN BREAC NA BHFAOCHAN

Is deas an baile an baile seo  
Is deas an baile Muigh-inis  
Is deas an baile chuile bhaile  
Ach Coillín Breac na bhFaochan

Mrs Mylotte

Bhíodh goimh fhuar amanna ann (san aimsir)

Mullach na mBeanna Beola

Mullach an aeir le feiceál os cionn an cheo

Cuid den draoidheacht an ceo. Bhí na sean-draoidheadóirí i ndon ceo a tharraingt.

Fanann báirneacha beo trí no ceathair de laethanta l'éis iad a bhaint.

Fanann an faocha an-achar beo taréis iad a bhaint. Bíonn siad beo ar an bhfeamainn bhainte.

## SLOBÁN

Sprusach mion a bhailightear i láibheanna áithride le cur amach ar an talamh dá leasú. Ar nós aoileach mionnáin bhíonn sé in ruainneacha beaga, an sprusach a d'fhanfadh uait ar deire. Bailightear an slobán seo ina charnáin agus fágtar ar an triomach e go ceann tamaill. Bailightear portáin bheaga, portáin ghlasa agus bíonn siad beo sa gcarnán slobain taréis a bheith sé seachtainí ar an triomach.

## BONN

Tá bonn ag teacht fán fhairrge nuair a bhíonn sí suaimhneach tamall agus corruighe ag teacht uirthé aríst nuair a bhíos sí ag tosuighe ag oibriú. Is roimhe an oibriú a bhíonn an bonn fán fhairrge. Nuair a shuaimhnigheas sí tá an fhairrge tuitthe go mór.

## LEATHRACHA

Leacracha móra nach dtriomuigheann, fásann coirreleach mhór ortha. Tá an ribín níos leithne ná an choirreleach a fhásas amach ar an domhain. Tugtar “Leathracha” ar an gcoirrligh sin. Leathrach na gCeallach ag an Sgéird.

### Liathbrás

Carraig maidhme ata sa liathbrás. Triomuigheann an mullach le tráigh rabharta móir.

Mangacha in aice leathracha.

## AICEADHACHA

Bíonn áit réithighthe san aice ag an easconnaí agus ag pertain. Bíonn lán buicéad gainimh agus gairbhéil cartaighthe amach aca agus áit déanta dóibh féin. D'aithneochá go mbeadh easconn nó portán ann istigh nuair d'fheicfeá an cartadh: ribeacha porbéise ag dul isteach chuca. Is ortha a dhéanann said maireachtáil.

## UISGE SAN SÁILE

Díog gach sine an sioc agus is fear an sioc féin ná an síor-chur (báisteach síoruidhe).

In aimsir seaca bíonn uisge an tseaca ag dul sa sáile agus marbhuigheann an t-uisge seaca sin go leor breac. Ballaigh easconnaí, muiríní, fáightear marbh iad ins na cuanta beaga. Tagann na heasconnaí isteach i dtír ins an sraith mara agus nuair a chailtear iad.

## Béal Beo L.78

Tá an fhairrge ag dul a' cáthadh le beagán gaoithe.

An bád a'déanamh an-ghearradh tríd an bhfairrge nuair a bhíos sí ag seoladh go maith.

Ag tornáil nó ag seoladh cois gaoithe sin é an t-am is mó a gcáthfaidh sí.

Nuair a bhíos sí ag imtheacht le cóir tá sí féin agus an fhairrge ag imtheacht ar aon bhealach amháin agus ní dhéanfaidh sí aon cháthadh.

Nuair a bhíos bád a' tornáil bíonn sí ag dul in aghaidh na fairrge. Is beag nach bhfuil sí ag dul díreach in aghaidh na fairrge ach go bhfuil leiceann beag aice leis an seol a choinneál leis an ngaoth.

Nuair a bhíos an bád ag dul síos aníos agus an fhairrge dá bualadh ins na pluic tagann fairrge cháidhte isteach.

Ina chalm liath – nuair nach bhfuil fhios agat cén taobh a bhfuil an ghaoth.

Is ionann cóir is calm (ní dhéanfaidh cóir aon dochar).

Deilbh – tornáil

Bad a dul siar 's aniar tá an-deilbh fúithe.

Idir an tanaidhe 's an t-aighne – ní fhéadfa tú dul anonn ná anall ach díreach.

## AN-CHÓIR

Tá sgód go sgríúta aice. Na sgríútaí na téadracha a thagas anuas as an gcrann dá choinneál láidir.

Ag jibeáil ó sgríúta go sgríúta, is minic a báthadh bád mar sin.

Nuair atá an ghaoth a’rith díreach i ndiaidh an bháid, b’fhéidir go gcuirfeadh an chóir an seol trasna ó thaobh go taobh eile mar tá an taobh fúithe chomh maith leis an taobh os a cionn. Is minic a báthadh bád leis an jibeáil sin.

Jibeáil – an bád a chur thart gan an bád a chasadh.

## SEITHÍ BÓ AR LEAPACHA

Bhí seanathair Sheosamh Uí Mhongáin agus fear Sabina McDonagh ag foghlaim saorsachta in éinfheacht in Acaill. Seithí bó os cionn pluide a bhíodh ortha san oidhche.

“Geabhaí Geabhaí” a bhíos an sámh a rádh

### Caipín Scotch

Pádraic Ó Gaora, Muigh-inis, (Pádraic an Chúipéara), bhíodh caipín Scotch I gcomhnaidhe air agus an píopa sa gcaipín. Ní raibh caipín Scotch eile sa bpobal. Shiubhail sé dhá mhíle dhéag an lá ar cailleadh é.

Lá fhéil Brighde '38

i gCárna

Breaclainn – áit thanaidhe a bhriseann. Tugtar an focal céadhna ar tonn bhriste.

Tá breaclainn in aice le Port Mhuirbhigh, thaobh thoir de Phort Mhuirbhigh. Ins an an a bhfuil oibriú mór sa bhfairge tá an bhreaclainn a, briseadh mórán ó thalamh go talamh, ó Phort Muirbhigh go béal Chuan an Fhir Mhóir, treasna an Chaoláire.

Tá sí contabhairteach ag na báid. Briseann sí an-tobann.

Breac-pholl trágha – áit a mbíonn clocha gus trágha.

## ORDÓGA AN GHLIOMAIGH

Is measa an ordóg bheag ná an ordóg mhór. Tá fiacla beaga géara innte agus tá sí i ndon gearradh ar nós na sgeine.

Má fhághann gliomach greim ar mo mhéir agus má fhágaim an mhéir aige sgaoilfidh sé greim go tobann. Tá sé sin an-deacair agus tú gortuighthe. Má shíleann tú an mhéar a tharraingt uaidh sin é an t-am a bhfuil sé a' gul a' fáisgeadh i gceart. Ghearrfadh an ordóg bheag an mhéar treasna. Sé an chaoi a mbriughfeadh an ordóg mhór an fheoil. Tá sí maol.

Ní fhaca mé dhá ordóg ghliomaigh ariamh mar a chéile, ach ceann beag agus ceann mór.

Is féidir le gliomach an da ordóg a sgaoileadh dhe.

I ndiaidh a rubaill a theigheas an gliomach síos sa mbearrach.

Nuair a bhíos sé a' snámh bíonn na hordóga sínte amach roimhe agus buailte ar a chéile.

Sa bhfóghmhar is fearr an portán baineann agus sa ngeimhreadh an portán fireann.

Sa bhfóghmhar a bhíos na heochraigh

sa bportán baineann, chuile mhí den fhoghmhar ó caithtear an chéad mhí den fhoghmhar. Tá sé so-ithte san am a mbíonn na heochraigh innte agus folláin.

Tá na portáin ag cur an ghliomadóra go mór i ndiaidh a chúil. Tiocfaidh portán i mo chuid potaí anocht agus íosfaidh sé na baoití agus ní leigfidh siad na gliomaigh isteach ins na potaí. Tiocfaidh fear eile san oidhche i mbárach agus gabhfaidh sé doisín gliomach san áit chéadna. Beidh na portáin gabhtha agamsa.

Cothuigheann na ribeacha róibéis i locháin a mbíonn cuimse caoinigh ag fás ar na clocha. Bíonn siad i bhfolach faoin gcaonach.

Táthú—focal é seo atá an-cheart. Cialluigheann sé an áit a mbíonn ribe róibéis. An áit a dtáithuigheann ribe róibéis bíonn leitheoga ann. Bíonn siad seasta san áit a dtáithuigheann siad.

Tá an cluaisín dearg ar na beirtreacha agus níl sé i bhfastódh de thada ach ach ar nós mar atá an t-oistre.

Tá an cluaisín glas i bhfastódh de chloch. Ní mór nach mar a chéile an dá thaobh de. Tá beagán cruite ar thaobh de ach is beag é.

Tá an muirín tuithe sa láib agus an taobh leathan os a chionn agus an taobh a bhfuil cruit air faoi.

Fosglóchaidh an muirín an dá shliogán. Buailfidh sé an dá cheann ar a chéile agus tá sé bunáite coisméige leis an iarraidh sin.

verso

Sligín slamach                    i bhfastódh ar chloch.  
Poll ann i ngar dá chluais.  
Blas searbh air.  
Ní hé an t-oistre cloch é.

Cearc gheal                    smooth cockle

Nuair a mheathas tú téirigh ag iasgach.

A spáint go raibh an lá curtha amú agat.

Ní dhubhairt an t-iasg é sin ach téar indiu agus téar i mbárach.

Mara mbainidh tú an sgian mhara sgafánta tá sí ritthe. Tá an breallach ar an mbealach céadna.

Amach faoin scuir.

Nuair a d'imthigheadh mac nó inghean amach as an tír deireadh an t-athair nó an mháthair  
"Tá sé imighthe faoin scuir anois."

Thug Tadhg na Buile soitheach as Árainn agus chuir sé ar phaiste talmhan in aice leis an gcaisleán. Bhí a shliocht air, níl aon lá nach mbíonn an féar glas air nuair a bhíos gach áit eile lom.

verso

Lacha ar Abhainn na Sgríbe

(Lá Fhéil Brighde 38)

Muineál uaine loinnreach

Ar dhath an úirfhéir

Brollach agus druim donn

Sgiatháin agus taobhanna airgead-ghlas.

Is maith an bharamhail go raibh seol ar an mbád a bhí ag Tadhg na Buile.

Níl fhios agam cén bhairrinn a bhí ar an sgéal.

## An Bhóileithe (Halibut)

Níl aon bhreac is fearr ná an bhóiléithe. Ar an domhain atá sí. Tá sí ag imtheacht idir dhá uisge agus is deacair í a mharbhú. Cuid aca an-mhór, suas le céad meadhchain. Iasg leathan ar nós an sgolbaird go díreach. Iasg sleamhain ar nós an leithe. Spotaí dearga ina dhruim.

### Bó + Leithe ... leithe mór

Tugann sí an dorugha léithe i bhfad. Doimhnigheann na bric mhóra agus ní thógann siad mórán téide, ach an bhóileithe ní doimhniú a ghníonn sí ach ach imthigheann sí roimpí ar nós an liabhain.

## FÁGH CAIRT DON MHÚSAÉM

Cairt gan cartach

Cairt, deir leigthe snúda na coileáin beanna na cairne.

Tá trí cinn aca ann, ag cur an fhuinnimh ann.

Leigean snúda            plaiting snoods

Rópa ruainneach        rope of horsehair

Snúda ar bharr an dorugha níos caoile

drugha marbh, gan aon luaidh air